

# Cúrsaí ag *Pastime Chonamara* i nGaillimh

*Máirtín Davy Ó Coistealbha*

**L**e tamall anuas tá ceangal láidir cothaithe idir an eagraíocht *Pastime Chonamara* agus Scoil an Oideachas le Chéile i gCnoc na Cathrach, Gaillimh. D'fhreastal daltaí Rang 1 agus Rang 2 ar Ranganna Ceardaíochta Bunúsacha Dátheangacha faoi stiúir an Teagascóra, Máirtín Davy. Bhí na ranganna ar siúl ar feadh cúig seachtainí agus, ag críochnú dóibh le gairid, bhronn an tAire Stáit ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Sean Kyne, T.D., teastais ar na daltaí in Áras Bhóthar na Trá, Gaillimh. Tá daltaí as roinnt mhaith tíortha ar fud na Cruinne ag freastal ar Scoil an Oideachas le Chéile i gCnoc na Cathrach agus roinnt mhaith Gaeilge foghlamtha acu mar go bhfuil an chuid is mó den fhoireann teagaisc líofa i nGaeilge.

Chomh maith leis an gcúrsa sin, ar éirigh thar barr leis, bíonn ranganna agus ócáidí rialta ceardaíochta agus siamsaíochta ar siúl ag *Pastime Chonamara* ó cheantar Indreabháin go Loch Con Aortha. ■



*Daltaí as Rang a hAon, tar éis a dteastais a fháil as ucht an cúrsa dátheangach ealaíne a chríochnú ag Scoil an Oideachais Le Chéile, Cnoc na Cathrach.*

*In éineacht leo tá, ó chlé: an Príomhoide, Matt Wallen; Ann Courtney, SNA; an tAire Stáit Seán Kyne, TD, a bhronn na teastais; na Múinteoirí, Margaret Wright agus Vivienne Kelly; agus Máirtín Davy Ó Coistealbha, Teagascóir Ceardaíochta Ranga.*